



SAORGLUAISEACHT EARRAÍ

Déantar saorghluaiseacht earraí a dhaingniú trí dhleachtanna custaim agus srianta cainníochtúla a dhíothú agus trí thoirmeasc a chur ar bhearta comhéifeachta. Tugadh isteach na prionsabail maidir le haitheantas frithpháirteach, díothú bacainní fisiciúla agus teicniúla, agus cur chun cinn an chaighdeánaithe chun leanúint den mhargadh inmheánach a chomhlánú. Ba threise go mór saorghluaiseacht earraí ón uair a glacadh an Creat Reachtach Nua (CRN) in 2008, córas an Aontais maidir le faireachas margaidh agus an comhartha CE. Léiríonn taighde a rinneadh le déanaí go ngintear 386 bhiliún euro gach bliain as na tairbhí a eascraíonn ó phrionsabal na saorghluaiseachta earraí.

BUNÚS DLÍ

Airteagal 26 agus Airteagal 28 go hAirteagal 37 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE).

CUSPÓIRÍ

Is ceann de phrionsabail bhunúsacha an Chonartha é an ceart chun saorghluaiseachta earraí de thionscnamh na mBallstát agus earraí ó thríú tíortha atá ar saorchúrsaíocht sna Ballstáit (Airteagal 28 CFAE). I dtús ama, breathnaíodh ar shaorghluaiseacht earraí mar chuid d'aontas custaim idir na Ballstáit, arb é a bhí i gceist leis dleachtanna custaim, srianta cainníochtúla ar thrádáil agus bearta comhéifeachta a dhíothú agus comhtharaif sheachtrach a bhunú don Chomhphobal. Tráth níos faide anonn, díríodh ar gach uile cheann de na bacainní eile a bhí fós ar shaorghluaiseacht earraí a dhíothú d'fhonn an margadh inmheánach a chruthú.

A BHFUIL BAINTE AMACH

An obair a bhain le dleachtanna custaim agus srianta cainníochtúla idir na Ballstáit a dhíothú (cuótaí), cuireadh i gcrích í faoin 1 Iúil 1968. Ach cailleadh an spriocdháta sin i gcás na gcuspóirí forlíontacha, eadhon bearta comhéifeachta a thoirmeasc agus dlíthe náisiúnta ábhartha a chomhchuíbiú. D'fhás na cuspóirí sin ina gcroíchuid den iarracht atá fós ar bun saorghluaiseacht earraí a bhaint amach.

A. Muirir atá ar comhéifeacht le dleachtanna custaim a thoirmeasc: Airteagal 28(1) agus Airteagal 30 CFAE

Ós rud é nach bhfuil aon sainmhíniú ar an gcoincheap réamhluaithe sa Chonradh, b'éigean ceann a sholáthar sa chásdlí. Tá Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh den



tuairim gur féidir a mheas mar mhuirear comhéifeachta aon mhuirear, gan beann ar a chineál nó a fhoirm agus is cuma cad a thugtar air nó an tslí a gcuirtear i bhfeidhm é, 'a bhfuil an éifeacht chéanna aige ar shaorghluaiseacht earraí agus atá ag dleacht chustaim, má dhéantar é a fhorchur ar tháirge a allmhairítear as Ballstát, seachas ar tháirge intíre comhchosúil, trí phraghas an táirge sin a athrú' (Cás 2/62 agus Cás 3/62^[1], agus Cás 232/78^[2]).

B. Bearta atá ar comhéifeacht le srianta cainníochtúla a thoirmeasc: Airteagal 34 agus Airteagal 35 CFAE

I mbreithiúnas [Dassonville](#) bhí an Chúirt Bhreithiúnais den tuairim, maidir leis na rialacha trádála go léir arna n-achtú ag na Ballstáit agus ar féidir leo bac a chur, go díreach nó go hindíreach, go hiarbhair nó go féideartha, ar thrádáil laistigh den Chomhphobal, go measfaí gur bearta iad atá ar comhéifeacht le srianta cainníochtúla ([Cás 8/74](#) an 11 Iúil 1974 agus pointe 63 go pointe 67 de [Chás C -320/03 an 15 Samhain 2005](#)). Rinneadh tuilleadh forbartha ar réasúnaíocht na Cúirte i bhfasach Cassis de Dijon (Cás 120/78), inar leagadh síos an prionsabal go gcaithfí a ligean isteach ar mhargadh aon Bhallstáit eile aon táirge a dhéantar a mhonarú agus ar mhargú go dleathach i mBallstát i gcomhréir lena dhlíthe cothroma agus traidisiúnta, agus i gcomhréir le próisis mhonaraíochta na tíre sin. Ba é sin an réasúnaíocht bhunúsach ba bhonn leis an díospóireacht ar shainmhíniú a thabhairt ar phrionsabal an aitheantais fhrithpháirtigh, a mbaintear úsáid as cheal comhchuibhithe. Mar thoradh air sin, tá sé d'oireagáid ar na Ballstáit, fiú in éagmais bearta Eorpacha um chomhchuibhiú (reachtaíocht thánaisteach an Aontais), cead a thabhairt earraí a chur i gcúrsaíocht agus a chur ar a margaí, arb earraí iad a dhéantar a tháirgeadh agus a mhargú go dleathach i mBallstáit eile.

Rud nach beag a thábhacht, déantar teorainn a chur le réimse feidhme Airteagal 34 CFAE le fasach Keck, ina sonraítear nach dtagann socruithe díolacháin áirithe faoi raon feidhme an airteagail, ar choinníoll go bhfuil siad neamh-idirdhealaitheach (i.e. go bhfuil feidhm acu maidir leis na trádálaithe ábhartha go léir a oibríonn laistigh den chríoch náisiúnta, agus go n-imríonn siad tionchar ar an mbealach céanna, i ndlí agus i bhfóras, ar mhargú táirgí intíre agus táirgí ó Bhallstáit eile) ([Cásanna Uamtha- C 267/91 agus- C 268/91](#)).

C. Eisceachtaí ar dhíothú beart atá ar comhéifeacht le srianta cainníochtúla

In Airteagal 36 CFAE, ceadaítear do na Ballstáit bearta a dhéanamh atá ar comhéifeacht le srianta cainníochtúla nuair atá údar leo i bhfianaise cúrsaí ginearálta, neamheacnamaíocha (e.g. moráltacht phoiblí, beartas poiblí nó slándáil phoiblí). Ní mór na heisceachtaí sin a léirmhíniú go docht, agus ní féidir áis a bhaint as bearta náisiúnta le haghaidh idirdhealú treallach ná chun srianadh faoi cheilt a dhéanamh ar an trádáil idir Ballstáit. Ar deireadh, ionas go dtabharfar cosaint do na bearta, ní mór dóibh éifeacht dhíreach a bheith acu ar an leas poiblí, agus níor cheart dóibh dul thar an leibhéal riachtanach (prionsabal na comhréireachta).

[1]Breithiúnas ón gCúirt an 14 Nollaig 1962 - <https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/?uri=CELEX%3A61962CJ0002>

[2]Breithiúnas ón gCúirt an 25 Meán Fómhair 1979 - <https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/?uri=CELEX%3A61962CJ0002>



Thairis sin, d'aithin an Chúirt Bhreithiúnais ina cásdlí (Cassis de Dijon) gur féidir leis na Ballstáit eisceachtaí ar thoirmeasc beart comhéifeachta a dhéanamh ar bhonn ceanglais éigeantacha (a bhaineann, i measc nithe eile, le héifeachtacht na maoirseachta fiosaí, cosaint na sláinte poiblí, cothroime na n-idirbheart tráchtála agus cosaint an tomhaltóra). Ní mór do na Ballstáit fógra a thabhairt don Choimisiún faoi bhearta díolúine náisiúnta. Tugadh isteach nósanna imeachta um malartú faisnéise agus sásra faireacháin chun maoirseacht ar na bearta díolúine náisiúnta a éascú (dá bhforáiltear in Airteagal 114 agus in Airteagal 117 CFAE, i gCinneadh 3052/95/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus i [Rialachán \(CE\) Uimh. 2679/98 ón gComhairle](#)). Rinneadh an méid sin a chur ar bhonn níos foirmiúla le [Rialachán \(CE\) Uimh. 764/2008](#) maidir le haitheantas frithpháirteach, a glacadh in 2008 mar chuid den Chreat Reachtach Nua (CRN), mar a thugtar air.

D. An reachtaíocht náisiúnta a chomhchuíbhíú

I ngeall ar dhlíthe comhchuíbhíthe a glacadh, is féidir bacainní a cruthaíodh a bhaint (amhail trí fhorálacha náisiúnta a dhéanamh neamh-infheidhme) agus is féidir freisin comhrialacha a bhunú arb é is aidhm leo saorchúrsaíocht earraí agus táirgí a ráthú, mar aon le hurraim do chuspóirí eile de chuid Chonradh CE, amhail cosaint an chomhshaoil agus an tomhaltóra nó iomaíochas.

Rinneadh comhchuíbhíú a éascú tuilleadh trí rialail an tromlaigh cháilithe a thabhairt isteach, rud a bhíonn ag teastáil i gcás fhormhór na dtreoracha a bhaineann le comhlánú an mhargaidh aonair (Airteagal 95 de Chonradh CE, arna mhodhnú le Conradh Maastricht), agus trí chur chuige nua a ghlacadh, mar a moladh i [bPáipéar Bán de chuid an Choimisiúin](#) (1985), arb é ba aidhm leis comhchuíbhíú dochraideach agus mionsonraithe a sheachaint. Is é atá mar threoirphrionsabal sa chur chuige nua atá bunaithe ar rún ón gComhairle an 7 Bealtaine 1985 (a dearbhaíodh i [rún ón gComhairle an 21 Nollaig 1989 agus i gCinneadh 93/465/CEE ón gComhairle](#)) rialacha náisiúnta a aithint go frithpháirteach. Ní mór do chomhchuíbhíú a bheith srianta do cheanglais riachtanacha, agus bíonn údar leis nuair nach féidir a mheas go bhfuil rialacha náisiúnta coibhéiseach agus nuair a chruthaíonn siad srianta. Tá dhá chuspóir ag na treoracha a ghlactar faoin gcur chuige nua sin, is iad sin saorghluaiseacht earraí a áirithiú trí chomhchuíbhíú teicniúil earnálacha ina n-iomláine, agus ardleibhéal cosanta a ráthú do na cuspóirí maidir leis an leas poiblí dá dtagraítear in Airteagal 114(3) CFAE (e.g. bréagáin, ábhair thógála, meaisíní, fearais gháis, agus trealamh teirminéil teileachumarsáide).

E. An margadh inmheánach a chomhlánú

Chun an margadh aonair a chruthú, ba ghá na bacainní uile a bhí fós ar shaorghluaiseacht earraí a dhíothú. I [bPáipéar Bán an Choimisiúin \(1985\)](#) leagadh amach na bacainní fisiciúla agus teicniúla a bhí le baint, mar aon leis na bearta a bhí le glacadh ag an gCoimisiún chun na críche sin. Glacadh formhór na mbearta sin ó shin i leith. Mar sin féin, is gá i gcónaí athchóirithe suntasacha a dhéanamh ar an margadh aonair má tá sé chun na dúshláin a ghabhann le dul chun cinn teicneolaíochta a shárú.



RÓL PHARLAIMINT NA HEORPA

Thacaigh an Pharlaimint le comhlánú an mhargaidh inmheánaigh agus thug sí tacaíocht ar leith i gcónaí don 'chur chuige nua' i ndáil le saorghluaiseacht earraí. Rinne sí rannchuidiú mór freisin ó thaobh na reachtaíochta de leis na treoracha maidir le comhchuibhiú. Rinne an Pharlaimint rannchuidiú suntasach freisin le pacáiste CRN a glacadh in 2008. Ba iad na príomh-shaincheistanna don Pharlaimint agus í i mbun caibidlíochta leis an gComhairle teacht ar chomhaontú gur cheart do na hoibreoírí eacnamaíocha ar fad freagracht mhéadaitheach a ghlacadh orthu féin as comhlíonadh agus sábháilteacht na dtáirgí a chuireann siad ar an margadh a áirithiú, agus an comhartha CE a neartú tuilleadh trí eolas níos fearr a thabhairt do thomhaltóirí ina thaobh. Tá an Pharlaimint ag leanúint den obair sa réimse sin, agus tá naoi gcinn de threoracha sa phacáiste aillnithe lena gcumhdaítear táirgí éagsúla, lena n-áirítear ardaitheoirí, earraí piriteicniúla agus pléascáin.

Sa [rún uaithi an 8 Márta 2011](#)^[3], d'iarr an Pharlaimint ar an gCoimisiún córas aonair faireachais margaidh a bhunú le haghaidh gach táirge (comhchuibhithe agus neamh-chomhchuibhithe), bunaithe ar ghníomh reachtach amháin lena gcumhdófaí an [Treoird maidir le Sábháilteacht Ghinearálta Táirgí](#) agus [Rialachán \(CE\) Uimh. 765/2008](#) maidir le faireachas margaidh, chun ardleibhéal sábháilteachta táirgí agus faireachais margaidh a bhaint amach, agus chun an bunús dlí a shoiléiriú. In 2013, arna iarraidh sin don Pharlaimint, thíolaic an Coimisiún an [Pacáiste um Shábháilteacht Táirgí agus um Fhaireachas Margaidh](#), arb é is aidhm leis córais faireachais margaidh a fheabhsú sna Ballstáit. Is é atá sa phacáiste rialacha nua maidir le forfheidhmiú don mhargadh inmheánach le haghaidh earraí, a chuirfidh ar chumas na n-údarás faireachais margaidh náisiúnta an dlí a fhorfheidhmiú agus tomhaltóirí a chosaint ar bhealach níos fearr agus níos cuimsithí. An 17 Aibreán 2019, ghlac PE rialachán nua: [Rialachán maidir le faireachas margaidh ar tháirgí agus comhlíonadh táirgí](#). Ní mór do na forálacha maidir le faireachas margaidh sa Rialachán seo táirgí a chumhdach ar táirgí iad atá faoi réir reachtaíochta an Aontais maidir le comhchuibhiú. Áiritheoidh sé sin creat aonchineálach don fhaireachas margaidh ar leibhéal an Aontais agus rannchuideoidh sé le méadú mhuintín na dtomhaltóirí.

Thairis sin, tá ról lárnach ag an gcaighdeánú maidir le dea-oibriú an mhargaidh inmheánaigh. Cuidíonn caighdeán Eorpacha chomhchuibhithe le saorghluaiseacht earraí a áirithiú laistigh den mhargadh inmheánach agus tugann siad an deis d'fhiontair san Aontas a bheith níos iomaíche. Cuidíonn na caighdeán sin le sláinte agus sábháilteacht thomhaltóirí na hEorpa a chosaint agus rannchuidíonn siad freisin le cosaint an chomhshaoil. Agus é mar aidhm aici feabhas a chur ar a bhfuil san athchóiriú ar an gcaighdeánú, ghlac an Pharlaimint [rún ar an 21 Deireadh Fómhair 2010](#)^[4] inar iarr sí go ndéanfaí an iliomad gnéithe rathúla den chóras um chaighdeánú a choinneáil agus a fheabhsú, agus go mbainfí an chothromaíocht cheart amach idir na gnéithe náisiúnta, Eorpacha agus idirnáisiúnta.

[3] IO C 199 E, 7 7 2012, lch. 1 - <https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/?uri=OJ%3AC%3A2012%3A199E%3ATOC>

[4] IO C 70 E, 8 3 7 2012, lch. 56 - <https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/?uri=OJ%3AC%3A2012%3A199E%3ATOC>



An 25 Deireadh Fómhair 2012, ghlac Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle [Rialachán \(AE\) Uimh. 1025/2012](#) maidir le caighdeánú Eorpach, lena nuachóirítear agus lena bhfeabhsaítear an sásra chun caighdeáin Eorpacha a shocrú.

Thug an seachtú reachtas an t-athbhreithniú reachtach ar naoi gcinn de threoracha sa Phacáiste Ailínithe i gcrích, i réimsí amhail -trealamh ísealvoltais, comhoiriúnacht leictreamaighnéadach, uirlisí tomhais, pléascáin le haghaidh úsáidí sibhialta mar aon le treoracha maidir le trealamh brú agus le trealamh raidió. Thug an Pharlaimint obair reachtach i gcrích maidir leis an méid seo a leanas chomh maith: an rialachán lena leagtar síos coinníollacha comhchuibhithe maidir le táirgí foirgníochta a mhargú; lipéadú agus marcáil táirgí teicstíle i leith a gcomhdhéanaimh shnáithínigh; sábháilteacht agus feidhmíocht chomhshaoil feithiclí dhá nó trí roth agus cuadrothar; agus an treoir maidir le hárthaí áineasa agus árthaí pearsanta uisce^[5].

Lean an t-ochtú reachtas de na hiarrachtaí sin trína chuid oibre ar rialacháin maidir le suiteálacha cábla-bhealaigh, fearais a dhóinn breoslaí gásacha, feistí leighis agus trealamh cosanta pearsanta. Thug an Pharlaimint an obair i gcrích go rathúil ar an rialachán e-Call^[6] agus ar an gcinneadh maidir le réitigh idir-inoibritheachta do riaracháin phoiblí Eorpacha, do ghnólachtaí agus do na saoránaigh (ISA2)^[7]. Faoi chuimsiú an Phacáiste don Gheilleagar Ciorclach, tá reachtaíocht á hullmhú i láthair na huaire ag an bParlaimint maidir le táirgí leasacháin, ar an bhfuil an comhartha CE, a chur ar fáil ar an Margadh Aonair^[8].

Le linn an 8ú téarma parlaiminteach ghlac an Pharlaimint [Treoir um Fhógraí 2015/1535](#) lena bhfeabhsaítear faisnéis fhrithpháirteach i measc na mBallstát maidir le rialacháin theicniúla, agus rialachán nua, [Rialachán maidir leis an Aitheantas Frithpháirteach 2019/515](#) ina bhfuil forálacha feabhsaithe le haghaidh nósanna imeachta náisiúnta as a n-eascródh síneadh a chur le haitheantas frithpháirteach^[9]. An 16 Aibreán 2019 ghlac an Pharlaimint rialachán maidir le cineálcheadú mótarfeithiclí i dtaca lena sábháilteacht ghinearálta agus cosaint daoine atá i bhfeithicil agus úsáideoirí soghonta bóithre, a bhfuil mar aidhm leis bearta líonmhara teicniúla a thabhairt isteach chun daoine a choinneáil beo agus gortuithe a theorannú i dtimpistí bóthair, ar timpistí iad a

[5]Chun tuilleadh eolais a fháil, féach an staidéar a ullmhaíodh don Choiste um an Margadh Inmheánach agus um Chosaint an Tomhaltóra (IMCO) i bParlaimint na hEorpa dar teideal 'Mapáil AE: Forléargas ar reachtaíocht a bhaineann le IMCO': Forléargas ar reachtaíocht a bhaineann le IMCO'. [http://www.europarl.europa.eu/RegData/etudes/STUD/2015/536317/IPOL_STU\(2015\)536317_EN.pdf](http://www.europarl.europa.eu/RegData/etudes/STUD/2015/536317/IPOL_STU(2015)536317_EN.pdf)

[6]Rialachán (AE) Uimh. 2015/758 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2015 maidir le ceanglais chineálcheadaithe chun an córas eCall infheithicle atá bunaithe ar an tseirbhís 112 a chur in úsáid agus lena leasaítear Treoir 2007/46/CE (IO L 123, 19.5.2015, Ich. 77) - <https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/ALL/?uri=CELEX%3A32007L0046>

[7]Cinneadh ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear clár maidir le réitigh idir-inoibritheachta do riaracháin phoiblí Eorpacha, do ghnólachtaí agus do na saoránaigh (ISA2). Idir-inoibritheacht mar mheán chun an earnáil phoiblí a nuachóiriú (Téacs atá ábhartha maidir le LEE) (COM(2014)0367) http://ec.europa.eu/isa/documents/isa_2_proposal_en.pdf

[8]Togra le haghaidh rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leagtar síos rialacha maidir le táirgí leasacháin, ar a bhfuil an comhartha CE, a chur ar fáil ar an margadh agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1069/2009 agus Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 (COM(2016) 0157) - <https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/?uri=CELEX%3A52016PC0157>

[9]Rialachán (AE) Uimh. 2019/515 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Márta 2019 maidir le haitheantas frithpháirteach earraí atá ar an margadh go dleathach i mBallstát eile agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) 764/2008/CE (IO L 91, 29.3.2019, Ich. 1) - <https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/?uri=CELEX%3A32019R0515>



chúisíonn breis is 25 000 bás agus 10 000 gortú tromchúiseach ar bhóithre Eorpacha gach bliain^[10].

D'áitigh an Pharlaimint go ndéanfaí an reachtaíocht seo a chomhlánú le hardáin ar líne, amhail SOLVIT agus Córas Faisnéise an Mhargaidh Inmheánaigh (IMI) de bhun [Rialachán 1024./012](#), le haghaidh malartú faisnéise idir údaráis náisiúnta agus leis an gCoimisiún chun fadhbanna a réiteach ar fadhbanna iad a bhíonn ag saoránaigh agus ag fiontair agus iad ag ceannach nó ag díol earraí in AE. Rinne an Pharlaimint na hardáin sin uile inrochtana do shaoránaigh agus do ghnóthais tríd an Tairseach Aonair Dhigiteach 'An Eoraip Agatsa' trí ghlacadh [Rialachán 2018/1724](#)^[11].

Tacaíonn an Pharlaimint leis an ngá atá le comhar níos treise a bheith idir an tAontas agus na húdaráis náisiúnta chun cáilíocht reachtaíocht an Aontais a fheabhsú agus chun reachtaíocht a shainaithint ar gá í a shimpliú nó a chódú. Iarrann an Pharlaimint freisin ar na hinstitiúidí eile tacú le comhrialáil agus le comhaontuithe deonacha aon uair is féidir, i gcomhréir le prionsabal céanna na rialála níos fearr.

Léiríonn taighde a rinneadh le déanaí gurb ionann na tairbhí ag eascirt ó phrionsabal na saorghluaiseachta earraí agus ón reachtaíocht lena mbaineann agus 386 bhilliún euro gach bliain^[12].

Mariusz Maciejewski / Christina Ratcliff
04/2019

[10]Ceardlann ar cheanglais chineálcheadaithe le haghaidh mótarfheithiclí, <http://www.europarl.europa.eu/committees/en/imco/events-workshops.html?id=20181115WKS02022>

[11]Duke Ch. Single Digital Gateway: how EU could meet expectations of citizens and businesses?, Briefing prepared by Policy Department A for IMCO Committee, [http://www.europarl.europa.eu/RegData/etudes/BRIE/2018/614219/IPOL_BRI\(2018\)614219_EN.pdf](http://www.europarl.europa.eu/RegData/etudes/BRIE/2018/614219/IPOL_BRI(2018)614219_EN.pdf)

[12]Staidéar ar Chabhrú leis an bhFás: Saorghluaiseacht earraí. Tairbhí Eacnamaíocha a bhaint amach do shaoránaigh agus do ghnóthachtaí' (2019), arna ullmhú ag Roinn Beartais A arna iarraidh sin ag Coiste IMCO [http://www.europarl.europa.eu/RegData/etudes/STUD/2019/631054/IPOL_STU\(2019\)631063_EN.pdf](http://www.europarl.europa.eu/RegData/etudes/STUD/2019/631054/IPOL_STU(2019)631063_EN.pdf)

